

Duine deighmhisnigh Dái-bhíoth

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlaim Dána*, Dublin, 1938, poem 87]

Domhnall (mac Taidhg) Ó Dálaigh .cct. (?)

1 Duine deighmhisnigh Dái-bhíoth;  
mór fhuair d'ulc is d'fhíorláindíoth  
budh toirrseach le triath oile  
fa iath gcoimseach gConaire.

2 Mór n-adhbhar ler chuir i gcéill  
mac Séamuis nar thuill toibhéim,  
pór glainshlisnigh, an mear mín,  
ar bhfear daighmhisnigh Dáibhídh.

3 Do dhoirt Dáibhídh as mhaith modh  
a dhóchas i nDia Athar;  
do ghlac fírmhisneach nach fann  
slat do shídhshlisneach Sagsan.

4 Do thuig i dtós a aoise  
triath Barrach - beart roghaoise -  
rosg mear as creachthóir ar chrodh  
gur neamhchóir seadh sa saoghal.

5 Níor ghlac sé ó soin i-le  
ró sgíse im sgéal dá dhoilghe  
dá mbeath go mothuigh sé sin  
acht rothuil Dé do dhéinimh.

6 An lá do-chluin cúis toirrse  
far dhéanta dhó doghoillse  
ní feas doimheanma ann air  
an mall soidhealbha sochruidh.

7 Ní faicthear a bhrón go bráth,  
ní théid caitheamh 'n-a chonách  
marcach gruaidhmhear as ghlan cruth  
níor ghabh buaidhreadh an Barrach.

8 Meinic fhuair-sean fheidhm docrach  
troid leathrom gleo guasachtach,  
gidh eadh níor theith, níor thuill guth  
go breith gach bhoill don Bharrach.

9 Iomdha troid 'n-ar toillead[h] lais  
clú le misneach mheic Séamais  
fir cholgshnasda nach [uar] ail

do [shluagh] bhorbghasda an Bharraigh.

10 Fuair iar n-éag a athar dhil  
go lór imshníomha is aisdir  
fonn cathardha na síodh sean  
ag díon athardha a aithreadh.

11 Tugsad [aighthe] i n-aoinfheacht air  
Goill is Gaoidhil Ghuirt Fhionntain  
fear séimh nach sochlaointe brígh  
an réidh dochlaoidhte Dái-bhídh.

12 Do chuirsead Goill - is é a fhíor -  
le neart [dá] neimhdheoin Dái-bhíodh  
sduaidh chneasaolta go ngné ghloin  
i n-easaonta é orthaibh.

13 Nó gur bh'éigean dó fa dheoidh  
dul 'n-a n-aghaidh dá aindeoin  
a bheith umhal do b'é a rún  
go ré an churadh do chlaochlúdh.

14 Rug air - is ní hé do thuill -  
d'fhoirneart is d'iomad leathtruim  
aigneadh sídhe múinte mear  
cúirte a thíre gur thréig-sean.

15 An ló nar ghabhsadar Goill  
úmhlacht mo chéile chumoinn  
téid ar dhíon an déadbhláith dil;  
ní gníomh éadtláith do fhoillsigh.

16 Ní toirrse, ní trom lighe,  
ní meathtacht, ní meirtnighe  
do ghlac an ghéag fheardha fhir,  
acht méad meanma is misnigh.

17 Gairid dó 'n-a dheaghaidh sin  
go bhfuair sé ar son a mhisnigh  
fógra síothchána sluaigh Gall  
gruaidh fhíochdhána nach anbhfan.

18 Aoincheann Barrach na mbreath séimh  
beirthear leis - lán do dheighchéill -  
cuairt aithghearr le bhfuair a thoil  
go baincheann sluaigh na Sacsan.

19 Fríoth leis aiseag a fhola;  
fuair Dái-bhídh dreach neamhdhona

gnúis fheardha ar nar braitheadh béim  
maitheadh a ndearna doi-séin.

20 Ní fhuil aonfhód tiar ná toir  
ná cíos i gcairt an Bharraigh  
nar fríoth le grásaibh Dé dhó  
rer chásaigh é fan am-sa.

21 Do budh mó sa chách a chion  
ar ndol Dái-bhídh fa dheireadh  
ruire suairc nach saibhthim gus  
ar cuairt go saoirching Séamus.

22 Neimhiongnadh - dia do rath -  
roimhisneach Bhíocant Barrach  
's nach fuil díobh obar nar fhéag  
síodh nó cogadh do choimhéad.

23 Mar an gcéadna a chéile dil  
Oiléan óg aigneadh suilbhir  
gruaidh soidheargtha as séimh breath  
doimheallta a méin 's a misneach.

24 Níor [chuir-se i gcéill] do neach  
go mbíodh cás trom ná tuirrseach  
ná anbhuain ar a gnúis ghloin  
fá chúis amhluaidh dá bhfaghaibh.

25 Inghean Dái-bhídh - Dia dá díon -  
maith chongbhas aithne an Airdríogh;  
ní thuillfe ar neamh diúltadh dhi  
bean leis nach diúltar duine. Duine.